ACHOIMRE
FEIDHMIÚCHÁIN

Is nasc ríthábhachtach í an Eangach Tarchuir idir na gineadóirí go léir agus lucht úsáidte leictreachais. A bhuíochas don Eangach, bíonn rochtain go fisiciúil ag margadh lárnach ar na gineadóirí go léir agus cuirtear ar chumas gach úsáideora leas a bhaint as leictreachas ón margadh lárnach ag na rátaí is mó tairbhe.

I gcaitheamh na gcúig bliana déag agus an fiche bliain atá romhainn, tiocfaidh athrú mór ar riachtanais na hÉireann maidir le leictreachas, lena foinse breosla agus lena flít stáisiún cumhachta.

Is mó an tionchar a bheidh ag saincheisteanna maidir le háirithiú fuinnimh, cumas iomaíochta, athrú aeráide agus an gá atá ann fanacht amach ó bhreoslaí onnmhairithe ar an athrú sin.

Le GRID25, bainfear amach leibhéil nua maidir le giniúint ghaoithe, idir ghiniúint ar cladach agus ghiniúint amach ón gcósta, agus tabharfar isteach giniúint muirí tráchtála teicneolaíocht-bhunaithe chun na hÉireann.

Beidh gá freisin le giniúint thraidisiúnta sholúbtha, chomh maith le struchtúir margaidh agus líonra a spreagann iomaíocht agus a chuireann ar chumas tomhaltóirí tairbhe a bhaint as leictreachas eacnamúil.

Ní thiocfaidh athrú i gcaitheamh na tréimhse sin ar an ngá a bheidh ag gach tomhaltóir – cinn tí, feirmeoirí, gnólachtaí beaga agus gnólachtaí ar mheánmhéid agus tionscail mhóra - le soláthairtí cumhachta ar ardchaighdeán, soláthairtí cumhachta ar féidir brath orthu.

Feidhmeoidh an Eangach Náisiúnta Leictreachais mar chainéal ríthábhachtach, i gcónaí, do sholáthairtí riachtanacha arna seachadadh go hiontaofa, d'fhuinneamh inbhuanaithe agus inathnuaite agus d'iomaíocht oscailte laistigh den earnáil.

Le heangach dhaingean, beifear ábalta na soláthairtí fuinnimh a sheachadadh a chuirfidh ar chumas na hÉireann rathúlacht a bhaint amach ó thaobh na heacnamaíochta agus ardchaighdeán beatha a chur ar fáil do mhuintir na tíre.

Beidh an Eangach mar phríomhbhonn a thacóidh le forbairt chothrom réigiúnach, a nascfaidh codanna den tír atá saibhir ó thaobh fuinnimh inathnuaite de nó ó thaobh giniúna traidisiúnta de, leis an gcuid eile den tír, rud a chuirfidh ar chumas úsáideoirí go léir an mhargaidh leas a bhaint as fuinneamh leictreachais ar féidir brath air, ag an bpraghas is eacnamúla.

Ionas go gcomhlíonfadh an Eangach a ról ina iomláine, ní mór í a fhorbairt. Is ionann an córas bulc-tharchuir, atá comhdhéanta de chiorcaid ag 220 kV nó níos airde, agus mótarbhealaí agus débhealaí chóras iompair an leictreachais. Is beag athrú a tháinig ar acmhainneacht le 20 bliain anuas, tréimhse inar tháinig ardú de 150% ar éileamh an leictreachais a bhíonn á iompar ag an gcóras.

Measann EirGrid go mbeidh sé riachtanach acmhainneacht an chórais bhulc-tharchuir a dhúbailt faoin mbliain 2025 ionas go bhféadfaí an t-ardú atá riachtanach maidir le giniúint inathnuaite a éascú agus ionas go ndéanfaí freastal d'éileamh chustaiméirí leictreachais.

Bainfear amach an méid sin trí mhórobair atreisithe a dhéanamh ar an líonra atá ann cheana agus úsáid á baint as na réitigh teicneolaíochta is fearr atá ar fáil. Déanfar an Eangach a fhorbairt ag tabhairt san áireamh an gá atá ann i gcónaí go gcoinneofaí cothromaíocht, ar bhealach inbhuanaithe, idir an cuspóir maidir le hiontaofacht agus maidir le háirithiú agus costais agus tionchar comhshaoil na bhforbairtí.

Leis an Straitéis a bhfuil cur síos déanta anseo air, caithfear an córas ardvoltais a uasghrádú agus caithfear tuairim is €4 billiún a infheistiú i gcaitheamh na tréimhse go 2025. Maidir le forbairt na tíre amach anseo, is amhlaidh atá an infrastruchtúr nua sin chomh riachtanach céanna le haon infheistíocht a dhéanfaí i gcás bóithre, iarnróid agus leathanbhanda.

Éiríonn le GRID25 cothromaíocht a choinneáil idir costais, iontaofacht agus tionchar comhshaoil. Scrúdaítear iomlán na bhforbairtí agus breithnítear roghanna éagsúla maidir le glan-fhad i ndáil le tógáil líne nua i réigiún trí roinnt tionscnamh arna gceapadh d'fhonn an úsáid is mó is féidir a bhaint as an líonra atá ann cheana.

Léiríonn an leibhéal sin d'infrastruchtúr nua agus d'infrastruchtúr a ndearnadh uasghrádú air athrú mór maidir le scála forbartha eangaí ó leibhéil an lae inniu agus cuirfidh sé dúshláin mhóra ar gach duine a bheidh bainteach lena seachadadh. Ní mór dúinn modhanna nuálacha a fhorbairt chun an líonra atá ann cheana a uasghrádú ionas nach gcuirfí as do chustaiméirí ach a laghad agus is féidir agus go gcoinneofaí costais chomh híseal agus is féidir. Ní mór dúinn, freisin, bealaí níos tapúla a aimsiú chun dul trí na céimeanna éagsúla go léir maidir le pleanáil agus le tógáil d'fhonn córas a thógáil a mbeidh ar a chumas glacadh le cuid mhór giniúna nua inathnuaite agus le cuid mhór giniúna traidisiúnta. Tá EirGrid meáite ar a chinntiú go dtugtar na forbairtí sin chun críche in am agus ar bhealach a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de.

Tá GRID25 riachtanach maidir leis na nithe seo a leanas:

- Tacú le forás sna réigiúin agus a chinntiú go mbíonn soláthar ann i gcónaí, soláthar ar féidir brath air;
- Bulc-sholáthar cumhachta ardvoltais atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'Éirinn, a chuirfidh ar chumas na réigiún difriúil tionsclaíocht a mhealladh amach anseo agus cur le tionsclaíocht atá ann cheana;
- Leas a bhaint as foinsí fuinnimh inathnuaite nádúrtha na hÉireann (gaoth agus tonn);
- Astuithe carbóin na hÉireann a laghdú trí fhuinneamh inathnuaite a tharchur ar aon dul le beartas Rialtais;
- Nascacht na hÉireann le hEangach na hEorpa a mhéadú, a éascóidh bulc-onnmhairiú leictreachais agus bulc-allmhairiú leictreachais araon nuair is cuí.

Seo a leanas na hiarmhairtí a bheadh ann dá mba rud é nach rachfaí i mbun gnímh:

- Bheadh lán-acmhainneacht bainte amach ag príomhchodanna den Eangach laistigh de na cúig go deich mbliana atá romhainn agus bheadh baol ann go n-éireodh sé ró-ualaithe, rud a chiallódh cailliúnt soláthair do chustaiméirí;
- Bheadh tionscail ardteicneolaíochta, a éileodh go mbeadh soláthairtí fuinnimh ar ardchaighdeán ar fáil i gcónaí, teoranta i dtaobh lonnú i limistéir ina mbeadh infrastruchtúr eangach daingean iontu;
- Ní fhreastalófaí ar riachtanais cliant sa bhaile, idir chliaint nua agus chliaint atá ann faoi láthair;
- Ní bheadh ar chumas an chórais chumhachta ráthaíocht a thabhairt go mbeadh soláthar ar fáil i gcónaí;
- Ní bheadh rochtain ar an margadh ag na gineadóirí ísealchostais go léir, rud a chuirfeadh teorainn ar iomaíochas sa mhargadh leictreachais;
- Bhainfí an bonn ó iarracht na hÉireann ar astuithe CO2 a laghdú agus bhainfí an bonn freisin óna hiarracht a cuid spriocanna a bhaint amach maidir le húsáid foinsí inathnuaite d'fhonn reachtaíocht a chomhlíonadh;
- Ní bheadh nascacht dhaingean ag Éirinn le hEangach na hEorpa agus ní bheadh ar a cumas a bheith rannpháirteach go hiomlán i margadh leictreachais Pan-Eorpach.